## Teistiméireachtaí

*Tá sé go hiontach go bhfuil páistí ó thíortha agus ó chultúir éagsúla ag teacht le chéile inár scoil. Baineann siad sár-thaitneamh as an gclár ilchreidmheach. Ní hábhar amháin atá ann ach bionn sé lárnach i ngach gné den scoil. Spreagann sé an chruthaitheacht agus muid ag foghlaim faoi chultúir agus imeachtaí ar nós An Nollaig, Díbhealaí & an Athbhliain Shíneach.*

Siobhán, iar-phríomhoide, Gaelscoil an Bhradáin Feasa,

*Mholfainn go láidir é. Tá an oiread sin ilchineálacht sa scoil. Tríd an oideachas ilchreidmheach, foghlaimíonn na páistí faoi chreidimh éagsúla. Tá sé go hiontach na héispéiris sin a thabhairt do na páistí agus déanann siad cairdeas le páistí ó chultúir éagsúla.*

Aoife, tuismitheoirí ó Ghaelscoil Shliabh Rua,

*Léiríonn scoileanna An Foras Pátrúnachta dea-chleachtais maidir le hoideachas ilchreidmheach. Tugtar gach deis dár scoileanna fás agus forbairt a dhéanamh le hacmhainní cuimsitheacha agus forbairt ghairmiúil leanúnach.*

Pól, Príomhoide Ghaelscoil Riabhach

## Tuilleadh eolais:

Déan teagmháil leis an
Oifigeach Athchumraithe & Éiteas Scoile
01 - 6294110

**www.foras.ie**

# OIDEACHAS ILCHREIDMHEACH





AN FORAS PÁTRÚNACHTA

**Eolas do phobail scoile faoin oideachas ilchreidmheach**

## Cad é An Foras Pátrúnachta?

Tá An Foras Pátrúnachta ina phátrún ar scoileanna ilchreidmheacha ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal. Is muid an pátrún is mó ar scoileanna lán-Ghaeilge agus tá sé mar aidhm againn freastal a dhéanamh ar thuismitheoirí ar mian leo oideachas lán-Ghaeilge, ilchreidmheach a fháil dá bpáistí sa cheantar áitiúil.

Bunaíodh ár gcéad scoil, Gaelscoil an Ghoirt Álainn, sa bhliain 1993 le sainspiorad ilchreidmheach. Ó shin, tá fás agus forbairt tagtha ar an eagraíocht chun daingniú a dhéanamh ar ár ról mar sholáthraí lárnach don oideachas ilchreidmheach do na mílte dalta ar fud na tíre.



## Cén fáth oideachas ilchreidmheach?

Seasann comhionannas agus ionchuimsitheacht ag croílár ár scoileanna ilchreidmheacha. Cuirtear fáilte roimh gach páiste, beag beann ar an gcúlra creidimh nó cultúrtha atá acu. Cuireann scoileanna ilchreidmheacha oideachas iomlánaíoch chun cinn, a cheiliúrann uathúlacht agus indibhidiúlacht gach páiste. Léirítear meas ar gach creideamh ar bhealach cothrom agus déantar ceiliúradh ar fhéilte ó thraidisiúin éagsúla. Bíonn tionchar ag an sainspiorad seo, maraon le prionsabail an oideachais lán-Ghaeilge, ar gach gné de shaol na scoile.

## Croí na Scoile

Chun comhmheas agus tuiscint ar chultúir agus ar thraidisiúin éagsúla a chur chun cinn, leantar an clár 'Croí na Scoile' don oideachas ilchreidmheach. Múintear an clár eitice agus ilchreidmheach seo i ngach rang ó Naíonáin Bheaga go Rang 6.
Is iad na príomhghnéithe den chlár ná:

### Eitic

- Cuimsiú & Comhionannas
- Luachanna
- Saoránacht
- Cearta & Freagrachtaí

### Oideachas ilchreidmheach

- Féilte & Ceiliúrtha
- Scéalta speisialta
- Cleachtais chreidimh & chultúrtha
- Ceannairí creidimh
- Machnamh

Spreagtar scoileanna chun gníomhaíochtaí uile-scoile ar nós Lá Cairdis a eagrú agus páirt a ghlacadh i bhfeachtais náisiúnta a chuireann ionchuimsitheacht chun cinn.

Croí na Scoile

## Múnlú creidimh

Tuigimid gur mian le tuismitheoirí go bhfreastalódh páistí leo ar scoil ilchreidmheach ach uaireanta is mian leo freisin go mbeadh múineadh creidimh ar fáil dá bpáistí. Féadfaidh ár scoileanna ilchreidmheacha ranganna seachscoile i gcreidimh éagsúla a éascú lasmuigh d'uaireanta scoile. Eagraítear na ceachtanna seo ag meitheal tuismitheoirí i gcomhar le grúpaí creidimh aitiúla.







